



An t-eolas is gá duit a bheith agat faoi mhonatóirí nua dé-ocsaíde charbóin na scoile.

Bealtaine 2021

1. Is gléas é monatóir CO₂ a úsáidtear chun tiúchan CO₂ i seomra a thomhas.
2. I gcomhthéacs tras-seoladh SARS-CoV-2, ní athróg iontaofa riosca iad toisí CO₂ ó thaobh baol aeriompartha an víris (SAGE¹, 2020). Mar sin féin, is féidir toisí CO₂ a úsáid chun spásanna iláitíochta lag-aeráilte a aithint.
3. Mhainigh an Roinn Oideachais soláthar roinnt monatóirí iniompartha CO₂ do scoileanna le húsáid más mian leo sin. Is féidir le húsáid monatóirí CO₂ comhartha ginearálta áisiúil a sholáthar go mb'fhéidir nach bhfuil aeráil leordhóthanach in áiteanna /seomraí i bhfoirgneamh agus a chur ar chumas áititheoirí dul i dtáithí ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí, aimsir lasmuigh agus oscailtí fuinneog ar leibhéal aerála mhaith laistigh de sheomra. Is féidir an fhaisnéis seo a úsáid mar bhonn eolais do straitéisí chun aeráil a fheabhsú.
4. Beidh líon na n-aonad a sholáthrófar ag brath ar mhéid do scoile.
5. Seolfar do mhonatóirí go díreach chuig an scoil sna míonna atá le teacht.
6. Tá na monatóirí féinchiimsitheach, tiocfaidh siad réamhshocraithe, réidh le feidhmiú agus ní bheidh gá iad a choigeartú.
7. Tá sé éasca na monatóirí a oibriú ach iad a fhilleadh, ní gá ach iad a bhaint as an bpacáiste, iad a phlugáil isteach agus tosóidh siad ag obair.
8. Tá an monatóir cumhachtaithe go leictreonach agus is féidir leis feidhmiú ar aon dul le fón póca – cumhachtaithe ag cábla USB ó ríomhaire glúine/ríomhaire nó ag cuibheoir cumhachta príomhlíonra. Ní oibríonn monatóirí ach nuair a fhaigheann siad cumhacht leictreach.
9. Ba cheart an monatóir a chur 0.5 méadar ar a laghad ó dhaoine agus níor chóir é a chur in aice le fuinneoga ná le greillí aerála.
10. Chun an úsáid is fearr a bhaint as na monatóirí iniompartha, ba cheart a n-úsáid a dhíriú ar na seomraí sin is mó tairbhe (i.e. ní cóir iad a chur i seomra díomhaoin ná i limistéar mór atá aeráilte go maith agus gan mórán daltaí ann) agus iad a úsáid ar fud seomraí de réir mar is gá.
11. Féadann an monatóir faisnéis a sholáthar d'áititheoirí chun leibhéal lag-aerála a chur in iúl. Tugann an Chartered Institute of Building Services Engineers² and an Air infiltration and Ventilation Centre³ le fios gur dócha go léireoidh tiúchan CO₂ os cionn

1400 – 1500 ppm lag-aeráil (CIBSE, 2020, AIVC, 2021) agus dá bhrí sin gur gá aeráil a mhéadú trí fhuinneoga, doirse srl. a oscailt.

Tugann an monatóir léamh digiteach ach tá scáileán LED aige freisin a athraíonn dath cosúil le soilse tráchta. Tá bandaí sonracha réamhshocraithe acu a fheidhmíonn ar nós “stíl soilse tráchta”.

Dá ísle an léamh CO₂ is fearr an t-aeráil i seomraí iláitíochta agus is airde an éifeacht caolú aerála agus, dá réir, is féidir cothromaíocht chuí á choinneáil idir leibhéal aerála agus chompord.

Chun teacht ar eolas faoi bhealaí chun aeráil a bharrfheabhsú, déan tagairt don treoir atá ar fáil i Céimeanna Praiticiúla chun Dea-Chleachtais Aerála a Úsáid i Scoileanna.

1. Is Grúpa Comhairleach Eolaíoch Éigeandálaí é SAGE UK a sholáthraíonn comhairle eolaíoch agus theicniúil chun tacú le cinnteoirí rialtas na Ríochta Aontaithe le linn éigeandálaí.
2. CIBSE: Chartered Institute of Building Services Engineers
3. Is éard atá san Air Infiltration and Ventilation Centre (AIVC) ná ionad faisnéise na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh ar aeráil atá tíosach ar fhuinneamh